Prayers & Reflections #35

AR MAIDIN

Moladh

Molaim thú, A Dhia,
A Athair liom.
Molaim do Mhac, Íosa, mo Shlánaitheor.
Molaim an Spiorad Naomh im' chroí istigh.

Misneach

A Thiarna, neartaigh do mhisneach ionnaim
chun go mbéidh mé in don do mhian dom a chóilíonadh inniu;
tabhair dom iomláine an bheatha sin a ghealann tú dúinn.

Misean

Bhí seirbhís ar leith ag Dia dom
nuair a chruthaigh sé mé.
Thug sé mo obair féin le déanamh dom,
obair nár thug sé d'aoinne eile.
Tá mo mhisean féin agam:
B'fhéidr nach n-aithním sa saol seo é,
ach innseofar dom é sa saol eile.
(J.H. Newman)

Ár mBeannacht Laethúil

A Thiarna,
is tú ár mbeatha agus ár ndóchas.
Déan muid a athnuachain
i dtobar fial na Trionóide.

Neart

A Thiarna, is tusa neart
gach duine a a chuireann a muinín ionnat.
Cabhraigh liom do thoil a aithint i gcónaí
agus é a chóilíonadh go díograiseach.

Uirísle

A Thiarna, aithníonn tú mé agus tá grá agat dom.
Deonaigh go n-aithneóidh mé i gcónaí méid do ghrá dom
agus go líonfar mé le h-íontas is le dóchas
ainneoin deacrachtai an lae.

Láithreacht

Críost liom – mo chara
Críost romham – mo thaoiseach
Críost im' dhiaidh – mo chosaint
Críost ionnam – mo fhaoiseamh.

Tair, a Spioraid Naoimh

Compánach

Tar a Spiorad Naomh!
Tar, Spiorad na beatha agus na lúcháire!
Tar, Spiorad an dóchais agus na sláinte!
Bígí liom im' chroí istigh inniu.

Bronntannaisí

A Thiarna, go neartóigh do Spiorad ionainn
ár sláinte agus ár n-inmhe; (ár gcumas)
go raibh sé linn i gcónaí,
go mór mhór in am ár ngátair.

Sólásaí

A Spiorad Dé Bhí,
neartaigh mo mhisneach nuair a bhíonn eagla orm;
neartaigh mo mhuinín nuair atáim éadóchasach;
neartaigh i síocháin mé in am mo bhuartha.

Creideamh agus Dóchas

Suaimhneas

Tabhair dom suaimhneas, a Thiarna,
sa tslí go nglacfaidh mé le rudaí nach féidir liom iad athrú;
tabhair dom misneach,
sa tslí go n-athróidh mé rudaí atá ionathraithe;
agus tabhair dom ciall,
sa tslí go n-aithneóidh mé an deifríocht.

Eagna

Glan as mo chroí, a Thiarna, gach constaic
chun go naithneóidh mé i gcónaí aibíocht do ghrá;
Méadaigh im chroí istigh lúcháir do ghrá.

Andúil

A Thiarna, i do mhór-thrócaire bí leo siúd
Atá gafa i ngaiste ag an andúil inniu.
Scaoil ón ngaiste iad, a Thiarna, agus tabahair saoirse dóibh.
Go bhfaighidh siad spreagadh agus tacaíocht
uatha siúd atá ag cabhrú leo.

In am an ghátair

A Thiarna, déan trócaire
orthu siúd uile atá faoi dhobhrón an bháis;
orthu siúd uile atá gan dóchas;
orthu siúd uile atá i ngéibheann;
orthu siúd uile atá faoi leatrom éagórach;
cumhdaigh le do thrócaire iad siúd uile atá faoi léan.

Maithiúnas

Grá Sábhailteach

Is eol duit, a Thiarna, mo laige agus mo pheacaí.
Ná leig dom bheith in aimhreas ariamh faoi do ghrá shábháilteach
nó faoi chomhacht do mhaithiúnais.
Ná leig dom scarúint leat choíche.

Trocaire

A Thiarna Íosa,
déan trócaire ormsa,
peacach.

Buartha

A Thiarna, déan trócaire orthu siúd uile
a shantaíonn gan toradh do shíocháin;
déan trócaire orthu siúd uile atá buartha,
agus nach féidir leo do shuaimhneas a aimsiú.

In am Tinnis agus Ghátair

Nuair atá muid tréith-lag

Is eol duit, a Thiarna,
gur deacair dom guidhe im bhreoiteacht.
Cuir do bhriathra i'm chroí istigh
agus éist go grástúil le mo phaidir.

Fulaingt

Táim tuirseach den tinneas seo, a Thiarna,
Agus den tromchúis a ghabhann leis.
Bíse mo dhóchas agus mo neart
Agus laghdaigh an t-ualach dom.

Tinneas

Beannaigh, a Thiarna, gach aoinne atá tinn.
Beannaigh iad siúd a thugann aire dóibh.
Gabhaimid buíochas leat as ucht gach aoinne
atá ag tabhairt aire do na h-easláin inniu.

Crá Croí

Mo Thiarna, tá mé ag éamh ort
ó cheartlár mo chroí istigh.
Ná tréig mé in am mo ghátair.
Fóir orm, a Thiarna, i mo thinneas.

Roimh Dul faoi Scian

Bi liom, a Thiarna,
im' eagla agus i mo mhíshuaimhneas
is mé ag feitheamh ar dhul faoi scian.
Beannaigh an máinlia. Beannaigh
an fhoireann go léir go bhfuil mé faoi'n a gcúraim.
(atá ag tabhairt aire dhom)

Ag Bisiú

A Thiarna, leigheasaigh tú daoine a bhí tinn.
Déan mo thinneas a leigheas anois
Agus cuir cóir leighis iomlán
Orthu siúd uile atá breoite.

MUINTEARAS

Mo Chompánach

Mo Thiarna,
ó laetheannta m'óige bhí tú
mar chompánach agam.
Anois agus mé ag dul in aois,
nár scaraidh mé uait choíche;
go raibh mé slán, sábháilte i do láthair
ag deireadh m'aistir.

Cairde

Soillsíonn tú ár saol laethiúil, a Thiarna,
tré thabhartas an chumainn. (an chairdis nó an ghrá)
Beannaigh na cairde speisialta
a thugann lúcháir dom i mo shaol.

Páirtíocht

A Thiarna,
go mba údar ghlionndair mo mheanga,
go mba údar lúcháire mo gháire,
go mba údar shóláis mo chóthuiscint,
go mba údar shíochána mé bheith i láthair.

Buíochas

Gabhaim buíochas leat, a Thiarna,
as ucht gach aoinne atá i bpáirt liom
i mo shaol agus i mo chreideamh.
Beannaigh anois iad
óir tá siad mar bheannacht agamsa.

TRÁTHNÓNA

Grá Dílis

Guimís ar a son siúd atá gan dóchas i do thrócaire, a Thiarna;
ar a son siúd atá aimhreasach faoi do mhaithiúnas;
agus ar a son siúd atá faoi eagla romhat.
Deonaigh domsa gan bheith in aimhreas riamh faoi do ghrá
Nó faoi dhílseacht do gheallúintí dom.

Ár nAingeal Coimhdeachta

Bí liom anocht,
a Aingil Choimhdeachta liom.
Bímís ag faire le chéile, le Criost
agus go raibh suaimhneas againn in éineacht leis.

Paidir Mhaimeo

Gabhaim buíochas leat, a Thiarna,
as ucht na cloinne a bhronn tú orm.
Tabhair dom go bhfeicfidh mé clann mo chloinne ag fás suas.
Coinnigh slán sábháilte iad idir anam is corp.

Sábháilteacht

Coinnigh slán, sábháilte , a Thiarna, iad siúd atá ag taisteal anocht.
Bí id' chosaint dóibh siúd atá i mbaol ar bith.
Bí id' shólás dóibh siúd atá uaigneach.
Bí id' fhaoiseamh dóibh siúd atá faoi leatrom.

Na Mairbh

Déan trócaire, A Thiarna,
orthu siúd atá imithe romhainn ar shlí na fírinne.
Fáiltigh rompu isteach i do ríocht
agus bronn orthu solas do ghlóire.

Faoiseamh

Tá an lá inniu imithe, a Thiarna.
Tá sé in am mo bhuíochas a ghabháil leat arís.
Tabhair dom do shuaimhneas is do ghrá.

© World Missions, Ireland 2011